the arts council
an chomhairle ealaíon

Na hEalaíona a fhorbairt in Éirinn

Forbhreathnú Straitéiseach na Comhairle Ealaíon

2011 – 2013

Ráiteas Misin

Is é misean na Comhairle Ealaíon ná na healaíona a fhorbairt

- *trí thacú le healaíontóirí ó gach disciplín chun saothar den scoth a tháirgeadh*
- *trí rochtain ar na healaíona agus rannpháirtíocht an phobail sna healaíona a chur chun cinn*
- *tríd an méid a chuireann na healaíona le folláine shóisialta agus eacnamaíoch na hÉireann a léiriú agus a éascú.*

An Chomhairle Ealaíon

Sainchúram Reachtúil

Bhunaíodh an Chomhairle Ealaíon leis an Acht Ealaíon 1951 agus cuireadh cúram uirthi ann suim an phobail a spreagadh; eolas, léirthuiscint agus cleachtadh a chur chun cinn; agus cabhrú chun caighdeáin na n-ealaíon a fheabhsú. Rinneadh an ról sin a fhorbairt in Acht 1973 agus cruthaíodh na struchtúir leis don mhéid a baineadh amach sna blianta ina dhiaidh sin, go háirithe rochtain don phobal ar na healaíona agus rannpháirtíocht an phobail sna healaíona. Rinneadh na trí phríomhchuspóir atá ag an gComhairle Ealaíon a athlua san Acht Ealaíon 2003, agus rinneadh leasú ann ar an gcaidreamh idir an Chomhairle Ealaíon agus an rialtas. Cuireadh béim san Acht ar neamhspleáchas na Comhairle mar shainchomhlacht a ceapadh chun maoiniú a dhéanamh ar na healaíona, a bhforbairt a stiúradh agus comhairle a thabhairt maidir le cúrsaí ealaíon agus cultúir.

Stair

Le seasca bliain anuas, ón uair a bunaíodh í in 1951, tá an Chomhairle Ealaíon tar éis maoirseacht a dhéanamh ar fhorbairt na n-ealaíon trí thréimhsí inar tharla athruithe sóisialta agus eacnamaíocha suntasacha. I gcomhpháirtíocht leis an rialtas lárnach agus áitiúil agus le healaíontóirí agus eagraíochtaí ealaíon, tá an Chomhairle Ealaíon tar éis cabhrú chun timpeallacht a chruthú ina n-aithnítear luach ealaíontóirí mar bhaill den tsochaí agus ina n-aithnítear na healaíona mar chuid lárnach de shaol dhaoine aonair agus de phobail, chomh maith le féiníomhá na hÉireann agus a cáil thar lear.

Prionsabail Threoracha

Treoraítear obair na Comhairle Ealaíon le sraith prionsabal lárnach, agus tugtar faisnéis iontu dá chinntí uile ó bheartas uilíoch go dtí na cinntí deontais is lú. Ina measc tá tiomantais maidir le:

- Forbairt fhadtéarmach na n-ealaíon beo, saothar ealaíontóirí comhaimseartha, agus a saoirse intleachtúil agus ealaíonta
- Rochtain ar na healaíona agus rannpháirtíocht sna healaíona do gach saoránach, agus diongbháilteacht lena chinntiú go mbaineann an méid daoine agus is féidir tairbhe as an toradh a bhíonn ar infheistíocht phoiblí sna healaíona.
- Sármhaitheas, bainte amach nó folaigh, i ngach gné de shaothar ealaíontóirí agus eagraíochtaí ealaíon
- Éagsúlacht chleachtais ar fud foirmeacha ealaíon agus taobh istigh díobh; éagsúlacht chomhthéacsanna agus chineálacha rannpháirtíochta trína dtéann an pobal i ngleic leis na healaíona; éagsúlacht chultúrtha agus shóisialta
- Caidreamh le hearnáil na n-ealaíon agus comhpháirtíocht le gníomhaireachtaí poiblí agus eagraíochtaí eile chun tairbhe na n-ealaíon agus chun tairbhe an phobail i gcoitinne
- Próisis agus cleachtais maidir le leithdháileadh cistí poiblí lena léirítear ionracas, cuntasacht, follasacht agus luach ar airgead

Brollach

Bainistíonn an Chomhairle Ealaíon infheistíocht an stáit sna healaíona agus tá sí freagrach as gné de shaol na hÉireann a fhorbairt atá ina cúis bróid go forleathan agus bonn maith leis. Ó ionaid ealaíon áitiúla, trí institiúidí cultúrtha náisiúnta, go stáitsí, scáileáin agus siopaí leabhair i gcathracha ar fud an domhain, tugann ealaíon agus ealaíontóirí na hÉireann áilleacht, fírinne agus brí do dhaoine ar fud an domhain. Cuireann siad fostaíocht shuntasach dhíreach agus indíreach ar fáil, tá siad mar bhuntaca d'earnáil mór shuntasach sna tionscail chruthaitheacha agus chultúrtha, agus tá siad ríthábhachtach don turasóireacht chultúrtha. Tugann siad cáil ar Éirinn mar thír ina dtacaítear go láidir le nuálaíocht agus cruthaitheacht.

Bhí fás eisceachtúil le feiceáil i soláthar ealaíon poiblí le fiche bliana anuas. Tá bonneagar ealaíon forbartha in Éireann anois, lena gcuimsítear ensemble, eagraíochtaí, féilte agus foirgnimh tiomanta, chomh maith le cóhort d'ealaíontóirí, oibrithe ealaíon agus bainisteoirí ealaíon den scoth. Creidimid gur cheart don rialtas tús áite a thabhairt do chosaint na hinfheistíochta seo.

Foilsíonn an Chomhairle Ealaíon an forbhreathnú straitéiseach seo le barr misnigh, ach le tuiscint freisin ar an réalachas a theastaíonn chun pleanáil agus soláthar a dhéanamh do na healaíona tráth a bhfuil deacrachtaí suntasach ann maidir le cúrsaí airgid poiblí. Leagaimid síos sna leathanaigh atá le teacht an cur chuige straitéiseach a bheidh ag croílár ár gcinntí sna blianta amach romhainn agus an réimse gníomhartha a ghlacfaimid le tabhairt faoinár sainchúram agus ár bhfreagrachtaí. Beidh roinnt de na cinntí seo deacair agus d'fhéadfadh iarmhairtí a bheith i gceist nár mhaith linn a fheiceáil dá mbeadh cúrsaí níos fearr ná mar atá.

Is é an ról atá ag an gComhairle Ealaíon ná pleanáil agus soláthar a dhéanamh bíodh is go bhfuil cúrsaí go maith nó go dona, agus déanfaimid ár gcinntí go léir agus leas fadtéarmach na n-ealaíon mar sprioc lárnach againn.

Réamhrá

Tá cur chuige straitéiseach na Comhairle Ealaíon i gcomhair 2011-2013 ag leanúint ó na pleananna a tháinig roimhe. Tá sé dírithe ar thacú le healaíontóirí agus le heagraíochtaí ealaíon agus ar iarracht a dhéanamh rannpháirtíocht an phobail sna healaíona a mhéadú. Tá na treonna straitéiseacha a leagtar síos sa doiciméad seo solúbtha mar is dual dóibh, agus is féidir iad a athrú de réir mar a athraíonn cúrsaí. Cuirfidh an Chomhairle Ealaíon an méid cinnteachta agus is féidir ar fáil d'ealaíontóirí agus d'eagraíochtaí ealaíon chun go mbeidh sé níos furasta dóibh pleanáil a dhéanamh agus cláir a leagan amach. Beidh ár nuachtlitir agus ár suíomh Gréasáin - agus na leathanaigh maidir le foirmeacha ealaíon ar leith agus réimsí cleachtais ealaíon go háirithe - fíorthábhachtach ó thaobh aon fhorbairtí nó athruithe stráitéiseacha a chur in iúl.

I rith 2011-2013 cuirfidh an Chomhairle Ealaíon tacaíocht airgeadais ar fáil; oibreoidh sí i gcomhpháirtíocht; cuirfidh sí faisnéis agus sainchomhairle maidir leis na healaíona ar fáil; agus feidhmeoidh sí mar thacadóir do na healaíona.

Beidh réimse agus fócas na ngníomhartha a chuirfear ar bun sna réimsí seo ag brath ar na hacmhainní a bheidh ar fáil.

- **Tacaíocht Airgeadais**
  Tacaímid leis na healaíona agus déanfaimid forbairt orthu trí dheontais agus dhámhachtana a leithdháileadh agus trí scéimeanna agus dheiseanna eile a chur ar fáil. Déanaimid idirghabhálacha nó glacaimid le tionscnaimh sa chás go bhfuil easnaimh chriticiúla ó thaobh an tsoláthair de nó go bhféadfaí gníomhartha straitéiseacha a ghlacadh chun tairbhe na n-ealaíon.

- **Comhpháirtíocht**
  Feidhmímid i gcomhpháirt le páirtithe leasmhara i réimse na n-ealaíon agus an chultúir, agus i réimsí tábhachtacha eile de shochaí na hÉireann, chun raon agus tionchar na n-ealaíon a leathnú.

- **Comhairle**
  Tugaimid comhairle mar chomhlacht reachtúil a bhfuil a chuid saineolais ag teacht óna bhaill, a fheidhmeannas agus a phróisis. Déanann an saineolas sin athnuachan air féin trí thaithí roinnte, dhialóg leis an earnáil ealaíon agus ár gcomhpháirtithe, na gníomhartha forbartha a dtugaimid fúthu, agus cheapadh beartais ar bhonn fianaise.

- **Tacaíocht**
  Oibrímid ar son na n-ealaíon agus chun tacaíocht a fháil do na healaíona ó chistí poiblí. Déanaimid é seo ar bhealaí éagsúla, i réimse comhthéacsanna, agus le lánchinnteacht faoin luach bunúsach a bhaineann leis na healaíona, an méid a chuireann siad le haitheantas na hÉireann agus an tábhacht a bhaineann leo ó thaobh folláine shóisialta agus eacnamúil de.

Tacaíocht Airgeadais

Acmhainní Airgeadais a Bhaint Amach agus a Infheistiú

- Aithníonn an Chomhairle Ealaíon go bhfuil an timpeallacht ina leithdháiltear cistí poiblí anois an-iomaíoch. Leanfaimid le cás láidir a dhéanamh don rialtas chun an maoiniú lárnach a theastaíonn ó na healaíona a chur ar fáil dóibh agus chun an infheistíocht shuntasach atá déanta cheana féin a chosaint.

- Déanfaimid iarracht freisin an méid is mó agus is féidir infheistíochta poiblí agus príobháidí sna healaíona a bhaint amach, trí fhoinsí agus bhealaí nua tacaíochta a lorg - poiblí, príobháideach agus daonchairdiúil - agus trí eagraíochtaí ealaíon a spreagadh chun a mbonn ioncaim a leathnú sna cásanna inar féidir agus inar cuí.

Maoiniú a Leithdháileadh: Leithne agus Cothromaíocht

- Déanfaidh an Chomhairle Ealaíon iarracht soláthar ealaíon cothrom agus inbhuanaithe a chothú agus maoiniú ón rialtas á leithdháileadh aici in 2011-2013. Déanfaimid iarracht leibhéil shuntasacha tacaíochta a bhaint amach don mhéid ealaíontóirí agus don mhéid de bhonneagar reatha na n-ealaíon (foirgnimh agus eagraíochtaí) agus is féidir leis na hacmhainní atá ar fáil.

- Déanfaimid iarracht leithne agus cothromaíocht a chothú trí infheistíocht a dhéanamh
  - thar gach réimse cleachtais ealaíne agus foirm ealaíne lena dtacaítear i láthair na huaire

  agus
  - chun tairbhe daoine i ngach cuid den tír.

- Déanfaimid comhardú cúramach ar riachtanais eagraíochtaí ealaíon le riachtanais ealaíontóirí aonair agus cleachtóirí neamhspleácha.s.

- Os rud é go dtugann cláir maoinithe éagsúla faoi riachtanais agus chuspóirí éagsúla, leanfaimid ag tairiscint réimse sraitheanna maoinithe agus meicníochtaí tacaíochta eile. Ina measc seo tá cúnamh deontais bliantúil; dámhachtainí; tionscadail; scéimeanna; tionscnaimh agus gníomhartha forbartha agus taighde lárnacha.

- Léireoidh ár leithdháileadh maoinithe ár dtiomantas don éagsúlacht: maidir leis an bpobal; le cineálacha agus cleachtais taobh istigh d'fhoirmeacha ealaíne; le suíomhanna agus comhthéacsanna ina bhfuiltear ag glacadh páirte sna healaíona ar bhealaí éagsúla.

.

- Déanfaimid iarracht a chinntiú go ndaingnítear deiseanna i gcomhair smaointe nua, cleachtais nuálacha, agus cleachtóirí atá ag teacht chun cinn, chomh maith le tacaíocht d'ealaíontóirí agus d'eagraíochtaí ealaíon atá níos fadbhunaithe a léiríonn tiomantas leanúnach d'iarracht chruthaitheach.

Caidrimh agus Patrúin Maoinithe

- Tugann an Chomhairle Ealaíon riachtanais náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla san áireamh agus í ag tacú leis na healaíona agus á bhforbairt. Mar ghníomhaireacht náisiúnta na n-ealaíon, agus go háirithe anois go bhfuil acmhainní gann, déanfaimid an méid seo a leanas

  (i) tacóimid le saothar agus bonneagar (foirgnimh agus eagraíochtaí) na n-ealaíon lena mbaineann suntas náisiúnta, is cuma cá bhfuil siad lonnaithe
  (ii) oibreoimid i gcomhpháirt le comhlachtaí agus gníomhaireachtaí eile chun acmhainní a chur ar fáil do bhonneagar, do chláir agus do sheirbhísí ealaíon atá níos áitiúla nó níos réigiúnaí ó thaobh a dtionchar de. Beidh tacaíocht na Comhairle Ealaíon i maoiniú comhpháirtíochta den chineál seo dírithe ar chlársceidealú na n-ealaíon.

- Tabharfaimid aird ar na timpeallachtaí éagsúla a bhaineann leis na foirmeacha ealaíne éagsúla agus ar an gcaoi go bhfuil an Chomhairle Ealaíon ina príomhsholáthraí tacaíochta. Ag féachaint dúinn ar an gcothromaíocht taobh istigh de nó idir réimsí éagsúla de chleachtais ealaíon, d'fhéadfadh go mbeadh orainn na pátrúin maoinithe atá ann cheana féin a athrú. B'fhéidir freisin go mbeadh orainn roinnt caidreamh maoinithe atá ann san am i láthair a athrú, nó deireadh a chur leo.

- Tabharfaidh an Chomhairle Ealaíon aird ar leith ar luach ar airgead agus ar inbhuanaitheacht agus í ag déanamh cinntí maoinithe, bíodh is go bhfuil sé seo ag baint le heagraíocht ar leith, le sraith saothair taobh istigh de réimse cleachtais, nó le réimse ealaíon iomlán. Socraítear luach ar airgead de réir réimse táscairí. Tá cuid díobh seo, cosúil le líon lucht féachana nó staid airgeadais eagraíochta, réasúnta furasta le tomhais. Tá ábhair eile, cosúil le caighdeán na treorach ealaíonta nó suntas eagraíochta i leith soláthair i bhfoirm ealaíne ar leith, a mbaineann an tábhacht chéanna leo bíodh is nach bhfuil siad chomh furasta le tomhais.

Tionscnaimh chun Rochtain agus Rannpháirtíocht an Phobail a Mhéadú

- Tá an pobal mar chuid lárnach de shainchúram agus mhisean na Comhairle Ealaíon. Tá siad ag tús agus ag deireadh thimthriall na n-ealaíon atá maoinithe go poiblí. Leanfaimid ag infheistiú i gcláir atá dírithe ar fhorbairt acmhainne san earnáil ealaíon, go háirithe maidir le lucht féachana a fhorbairt agus margaíocht. Tuigtear forbairt lucht féachana mar mhéadú ar an líon agus mar leathnú ar phróifíl dhéimeagrafach lucht féachana na n-ealaíon. Ciallaíonn sé freisin réimse agus saibhreas na n-ealaíon lena mbaineann siad a mhéadú don phobal. Tá

fianaise láidir ann go bhfuil leibhéil arda feasachta agus rannpháirtíochta pobail ann, ach tuigimid freisin nach bhfuil na healaíona mar chuid de shaolta chodanna áirithe de shochaí na hÉireann. Beidh tionchar ag na saincheisteanna seo go léir ar ár gcuid oibre sa tréimhse 2011-2013.

- Táimid tiomanta d'infheistíocht a dhéanamh i saothar ardchaighdeáin a scaipeadh agus a thógáil ar chamchuairteanna i ngach disciplín trí líonra náisiúnta na n-ionad ealaíon, iad siúd atá dírithe go sainiúil ar fhoirm amháin agus iad siúd atá ildisciplíneach araon.

- Beidh ár gcomhpháirtíocht le húdaráis áitiúla ar fud na tíre ag díriú go háirithe ar ionaid. Mar ghníomhaireacht náisiúnta na n-ealaíon, beidh an Chomhairle Ealaíon ag iarraidh a cuid maoinithe agus a tacaí eile le haghaidh ionad den chineál sin a dhíriú ar chláir ealaíon ar ardchaighdeán a sholáthar.

- Déanfaimid dreasú ar sheirbhísí roinnte, go háirithe nuair atá siad seo dírithe ar mhargaíocht agus cur chun cinn. Déanfaimid iarracht a chinntiú go mbainfear úsáid as na deiseanna a chuireann meáin agus teicneolaíochtaí nua ar fáil chun an sásamh a bhaineann an pobal as na healaíona a mhéadú.

- Thar 2011-2013 leanfaimid ag déanamh forála do rannpháirtíocht an phobail sna healaíona i réimse níos leithne an phobail: i spásanna poiblí fíorúla agus réadúla, i bhféilte agus in imeachtaí, chomh maith le réimse leathan suíomhanna agus comhthéacsanna sóisialta. Is minic go gcuireann suímh den chineál seo deiseanna ar fáil chun a bheith rannpháirteach sna healaíona do dhaoine nach mbeadh rannpháirteach gan iad, agus d'ealaíontóirí chun féachaint ar bhealaí éagsúla chun saothar a chruthú agus chun dul i ngleic leis an bpobal.

Faisnéis maidir le Foirmeacha Ealaíne agus Cleachtais Ealaíon

- Tá an comhthéacs leathan d'obair na Comhairle Ealaíon leagtha síos sa doiciméad seo. Tá tuilleadh faisnéise le fáil sna sonraí maidir lenár gcláir deontais, dámhachtainí, scéimeanna agus tionscnaimh atá foilsithe ar www.artscouncil.ie. Tá faisnéis maidir le foirmeacha ealaíne agus cleachtais ealaíon ar leith ar fáil ar ár suíomh Gréasáin freisin. Sa chás go ndéantar athruithe stráitéiseacha suntasacha nó go dtógtar treo nua i bhfoirm ealaíne nó i gcleachtas ealaíon in 2011-2013, tarlóidh siad seo tar éis dul i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara ábhartha, de réir mar is cuí, agus foilseofar iad ar ár suíomh Gréasáin agus fógrófar iad inár nuachtlitir.

Comhpháirtíocht

Comhpháirtíocht le hEarnáil na nEalaíon agus Comhpháirtíocht níos Leithne

- Beidh comhpháirtíocht - a bhfuil cuspóir coiteann agus meas ar róil ar leith mar chuid lárnach de - fós ag croílár chaidreamh na Comhairle Ealaíon le hearnáil na n-ealaíon agus le réimse comhlachtaí eile. I gcomhpháirt le hearnáil na n-ealaíon atá saineolach agus seiftiúil, leis an Roinn Turasóireachta, Cultúir agus Spóirt, agus leis an gcreat níos leithne de ghníomhaireachtaí agus eagraíochtaí atá sa rialtas lárnach agus áitiúil, leanfaidh an Chomhairle Ealaíon ag feidhmiú chun tairbhe na n-ealaíon agus an phobail níos leithne.

- Tá ár gcomhpháirtíocht le hearnáil na n-ealaíon lárnach dár gcuid oibre. Cé go bhfuil comhthéacs na comhpháirtíochta an-difriúil anois ón gcaoi a bhí sé deich mbliana ó shin, tá gá níos mó fós leis. Tá aird á thabhairt fós ag an gComhairle Ealaíon ar thorthaí an chomhairliúcháin a rinneadh roimh thréimhse na straitéise is déanaí agus lena linn. Beidh comhairliúchán foirmiúil agus neamhfhoirmiúil á dhéanamh sna blianta amach romhainn agus cruth á chur ar sholáthar ealaíon ginearálta, nó ar ghnéithe de, i gcomhthéacs cúinsí athraithe agus riachtanais nua atá ag teacht chun cinn.

- In 2011-2013, leanfaimid ag oibriú i gcomhpháirt le ranna rialtais éagsúla agus le gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí eile lena chinntiú go bhfuil na healaíona leabaithe i mbeartais agus i gcláir réimse seirbhísí poiblí ó shláinte go hoideachas agus ó thurasóireacht go craoltóireacht.

Ealaíontóirí Aonair

- Tá ealaíontóirí aonair ina gcuid lárnach dár misean agus dár gcuid oibre. Féachaimid ar ár gcaidreamh le healaíontóirí mar chomhpháirtíocht. Tá rud sainiúil le tabhairt acu don tsochaí, agus tá réimse tacaí airgeadais, díreacha agus indíreacha, mar bhuntaca leis an tacaíocht a thugaimid dóibh. Bíonn sé ina ábhar cúraim dúinn i gcónaí dálaí maireachtála agus dálaí oibre ealaíontóirí a fheabhsú. Bíonn tionchar ag ár dtiomantas do chomhthéacsanna áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta a chruthú ina dtacaítear le healaíontóirí na hÉireann saothair den scoth a dhéanamh agus dul i ngleic leis an bpobal ar bhonn chomh leathan agus is féidir, ar ár gcomhpháirtíochtaí go léir.

Príomhréimsí Comhpháirtíochta

- **Údaráis Áitiúla**
  Os rud é go bhfuil rochtain agus rannpháirtíocht mar chuid lárnach dár misean, tá ár gcomhpháirtíocht le húdaráis áitiúla ar fud na tíre riachtanach. Beidh dul i ngleic le húdaráis áitiúla maidir le soláthar ealaíon taobh istigh dá gceantair chun comhtháiteacht phleanáil agus sholáthar a fheabhsú mar chuid dár bhfócas straitéiseach in

2011-2013. Beidh an chomhpháirtíocht bunaithe ar chaidreamh lena léirítear meas ar an sainchúram áitiúil agus ar na saincheisteanna ar leith atá ina n-ábhair imní d'údaráis áitiúla agus ar an sainchúram náisiúnta agus na ceisteanna forbartha ealaíon is cúram don Chomhairle Ealaíon.

- **Daoine óga agus Oideachas**
  Is ceist í taithí ar ealaíona ar ardchaighdeán do dhaoine óga ar scoil agus taobh amuigh den scoil a bhfuil suim faoi leith ag an gComhairle Ealaíon inti. Tá an-tionchar ag an gcóimheas ard daoine óga inár ndaonra agus a suntas forbraíochta ar ár gcinntí maoinithe agus ar ár gcomhpháirtíochtaí sna réimsí d'ealaíon san oideachas, ealaíon don óige, agus soláthar ealaíon gairmiúil do lucht féachana óg. I rith 2011-2013 is mian linn leanúint ó Thuarascáil 2008 an Choiste Speisialta um na hEalaíona agus an Oideachas agus oibriú leis an Roinn Oideachais agus Scileanna agus le comhpháirtithe eile chun na gníomhartha a mholtar sa tuarascáil sin, ag a bhfuil an cumas na healaíona a bheith mar chuid níos lárnaí de shaol beagnach milliún duine óg, a chur chun cinn. Aithnímid an tábhacht a bhaineann le heispéiris ealaíon shaibhre agus éagsúla do dhaoine óga in áiteanna taobh amuigh den scoile agus i measc an phobail níos leithne, agus iarrfaimid oibriú i gcomhar le hOifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige agus le Comhairle Náisiúnta na nÓg.

- **Na hEalaíona agus Gníomhaireachtaí Cultúir**
  Oibrímid le comhairlí ealaíon i dtíortha comharsanachta agus, trí chónaidhm idirnáisiúnta na gComhairlí Ealaíon agus na nGníomhaireachtaí Cultúrtha, le gníomhaireachtaí agus comhairlí ealaíon ar fud an domhain. Oibrímid i gcomhar le réimse institiúidí cultúrtha náisiúnta freisin. Tá tábhacht ar leith ag baint lenár gcomhpháirtíocht fhadsheasmhach le Comhairle Ealaíon Thuaisceart Éireann (CETÉ) agus cuirfimid i bhfeidhm ár gclár aontaithe de ghníomhartha agus de ghníomhaíochtaí i gcomhar leo, chomh fada agus is féidir linn leis na hacmhainní atá ar fáil. Leanfaimid lenár gcaidreamh oibre láidir le Cultúr Éireann a fhorbairt in 2011-2013, chun tairbhe ealaíontóirí agus eagraíochtaí ealaíon.

- **Turasóireacht Chultúrtha**
  Bainfidh earnáil na n-ealaíon agus an earnáil turasóireachta araon leas as gníomhú go straitéiseach chun na gnéithe ealaíon den 'tairiscint' turasóireachta cultúrtha níos leithne a mhéadú, a fheabhsú agus a chur chun cinn. Sa tréimhse 2011-2013, oibreoimid i gcomhar le Fáilte Éireann agus le grúpaí eile chun tacú le tionscnaimh a thabharfaidh áit níos lárnaí do na healaíona chun cuspóirí turasóireachta na hÉireann a bhaint amach. Beidh soláthar agus cothú bhonneagar ealaíon ar ardchaighdeán, féilte agus cláir saothair thar gach disciplín ealaíon chun tairbhe mhuintir na tíre agus turasóirí araon.

- **Tionscail Chruthaitheacha agus Chultúrtha**
  Aithníonn an Chomhairle Ealaíon na naisc idir a misean chun na healaíona a fhorbairt agus cuspóirí eacnamúla a bhaineann le tionscail chruthaitheacha agus chultúrtha. Féachaimid ar chreat comhpháirtíochta a bhunú chun na naisc seo a fhorbairt.

Comhairle

- Tá saineolas ar leith ag an gComhairle Ealaíon faoi na hEalaíona. Tagann sé seo ó thuiscint ar
  - shaol gairmiúil ealaíontóirí
  - an nádúr ar leith a bhaineann le fiontair ealaíon
  - ról agus feidhm na n-ealaíon taobh istigh den tsochaí shibhialta
  - beartais, straitéisí agus comhpháirtíochtaí a theastaíonn chun ealaíon a sholáthar i dtimpeallacht shóisialta, chultúrtha agus eacnamúil na hÉireann sa lá atá inniu ann.

- Tá ráta agus cineál an athraithe i gcleachtas na n-ealaíon comhaimseartha agus rannpháirtíocht an phobail ann eisceachtúil. In 2011-2013 leanfaidh an Chomhairle Ealaíon ag soláthar sainchomhairle thar réimse leathan saincheisteanna ealaíon agus cultúrtha. Beimid forghníomhach agus freagrúil taobh istigh den timpeallacht beartais, reachtúil agus rialaitheach in Éirinn, ag leibhéal an AE agus sa saol idirnáisiúnta níos leithne.

- Cuireann forbairtí i meáin nua agus sa teicneolaíocht agus an suntas atá acu do na healaíona béim ar an riachtanas atá ann don Chomhairle Ealaíon a bheith ar an eolas faoi na réimsí seo. Murach sin tá an baol ann go gcaillfí deiseanna d'ealaíontóirí agus don phobal araon. Díreofar go háirithe ar an dtrasnaíocht idir chleachtais fhoirmeacha ealaíne ar leith agus diminsin aeistéitiúil a bhaineann le cur i bhfeidhm theicneolaíochtaí nua go cultúrtha agus i dtionscail.

Tacaíocht

- Tá tacaíocht mar fheidhm lárnach de chuid na Comhairle Ealaíon. Aithnímid go bhfuil ealaíontóirí agus eagraíochtaí ealaíon tar éis a bheith ag gníomhú ar son na n-ealaíon ar bhealach tiomanta agus comhaontaithe, le blianta beaga anuas go háirithe, agus fáiltímid roimhe seo. Mar ghníomhaireacht reachtúil, tagann gníomhaíochtaí tacaíochta na Comhairle Ealaíon ónar sainchúram agus ár misean agus go háirithe ónár bhfreagracht beartas agus soláthar ealaíon a lonnú taobh istigh de bheartas níos leithne an phobail agus leas an phobail.

- Cuirfimid béim ar na bealaí éagsúla ina bhfuil luach ag na healaíona i gcomhthéacsanna éagsúla, ach go háirithe inár gcaidreamh leis an rialtas, náisiúnta agus áitiúil. Oibreoimid le réimse ranna rialtais agus comhlachtaí pobail chun cuspóirí coiteanna a bhaint amach.

- Tá taighde bunaithe ar fhianaise agus sonraí reatha iontaofa maidir le gnéithe tábhachtacha de na healaíona riachtanach do thacaíocht áititheach. In 2011-2013 oibreoidh an Chomhairle Ealaíon le hearnáil na n-ealaíon chun feabhas a chur ar sholáthar sonraí agus faisnéise eile maidir le gnéithe lárnacha de chleachtas ealaíon agus dul i ngleic leis an bpobal. Tá sé i gceist againn cur leis an méid faisnéise atá ann faoi láthair chun córas láidir a chruthú agus a chothú chun sonraí a ghineadh maidir le táirgeadh agus cur i láthair na healaíona agus maidir le treochtaí lárnacha cosúil le dálaí oibre ealaíontóirí agus treochtaí in iompar lucht féachana.

70 Merrion Square,
Dublin 2, Ireland

70 Cearnóg Mhuirfean,
Baile Átha Cliath 2, Éire

t +353 1 618 0200
f +353 1 676 1302

Callsave 1890 392 492
www.artscouncil.ie